

**Cuntas Leithreasa 2017**

---

**Vóta 8**

**Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

---

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 8, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 le haghaidh thuarastail agus speansais Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasuithe-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €0.98 milliún dlite le géilleadh don Stáitchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Ina theannta sin, glacadh leis na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas.

### Obair idir lámha

Is é atá i gceist le hobair idir lámha ná an luach measta inghnóthaithe a bhaineann le hobair a dhéantar ar iniúchtaí sa chás go bhfuil táille inmhuirir i gceist ach nár críochnaíodh an t-iniúchadh faoi dheireadh na bliana. Ríomhtar luach na hoibre idir lámha mar chéatadán den táille iniúcháireachta a aontaíodh, bunaithe ar stádas an iniúchta ag deireadh na bliana.

### Ioncam fabhraithe ó tháillí iniúcháireachta

Is éard a léirítear leis an ioncam fabhraithe ó tháillí iniúcháireachta ná iniúchtaí ar tuairiscíodh tuairim ag deireadh na bliana ina leith ach nach raibh sonrasc lena n-aghaidh réitithe fós.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

### *Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais*

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Oifigeach Cuntasaíochta. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach rátháíocht réasúnta seachas dearbhrátháíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc, nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Is mar seo a leanas atá an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta, iniúcháireacht inmheánach agus bainistíocht riosca:

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- go bhfuil freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- go bhfuil socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- go bhfuil gnáthaimh fhoirmeálta bunaithe do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do gníomhaíocht cheartaitheach chuí a dheimhniú
- gurb ann do Choiste Iniúcháireachta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais
- go ndearnadh doiciméadú ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó
- go bhfuil córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmiligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a dhéanann an lucht bainistithe sinsearach athbhreithniú air go leanúnach
- go ndéanann an lucht bainistithe sinsearach athbhreithnithe rialta ar thuairisciú tréimhsiúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- go bhfuil córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

***Soláthar Poiblí***

Ba ionann €2.2 milliún agus iomlán an chaiteachais ar earraí agus seirbhísí in 2017, lena n-áirítear baill foirne ar conradh. Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh na dtreoirínte ábhartha uile a chinntiú. Chomhlíon an Oifig na treoirínte, seachas i gcás conradh amháin ar luach €31,000 a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002. Chuir an Oifig síneadh le conradh reatha ar sheirbhísí tacaíochta TF go dtí go gcríochnaítear athbhreithniú straitéiseach ar sholáthar seirbhísí TF. Reáchtálfar comórtas tairisceana nua le haghaidh na seirbhíse seo in 2018.

***Iniúcháireacht Inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta***

Deimhním go bhfuil feidhmeannas iniúchta inmheánaigh ag an Oifig, a fheidhmíonn de réir cairte i scríbhinn atá faofa agam. Gnólacht phríobháideach a chomhlíonann feidhm na hiniúcháireachta inmheánaí agus pearsanra atá oile go cuí á úsáid acu.

Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Oifig nochtá dóibh, i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a fhiosrú.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig seo ina n-aithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu, agus chomh fada agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú. Tá an próiseas bainistíochta riosca á mhaoirsiú ag Coiste Bainistíocht Riosca (CBR) ar a bhfuil na triúr stiúrthóirí iniúchóireachta. Tá clár riosca i bhfeidhm ina ndéantar taifeadadh de na príomhrioscaí atá roimh an Oifig.

Déanann an CBR an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta. Déantar na rioscaí sin a ghrádú de réir a suntasachta tar éis na rialaithe maolaithe a chur san áireamh agus go bhforbraítear gníomhartha cóireála riosca le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí ag leibhéal inghlactha. Tuairiscítear torthaí na ngníomhaíochtaí tuairiscithe riosca don Choiste Iniúchóireachta.

Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhartha ceartaitheacha a chur i gcrích, agus don lucht bainistithe, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur aithníodh na príomhrioscaí agus na rialaithe bainteacha, agus tá próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialaithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Riosca Suntasach Airgeadais***

Gearrtar táillí iniúchóireachta ar iniúchtaí áirithe airgeadais de réir Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Is cuid shuntasach d'acmhainní na hOifige iad na táillí seo agus cuireadh roinnt gnáthamh i bhfeidhm le cinntiú go n-aisghabhhtar costais le haghaidh iniúchtaí ábhartha. Áirítear ar na bearta seo

- athbhreithniú bliantúil ar an mbonn lena ngearrtar táillí, athbhreithniú ar aisghabháil na gcostas ar iniúchtaí aonair le himeacht ama san áireamh
- córais a thaifeadann costais iniúchta, dul chun cinn iniúchta agus faisnéis bhilleála
- monatóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis airgeadais, lena n-áirítear costais iniúchóireachta agus aisghabháil táillí.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Chomhlíon mé mo dhualgais i leith riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus próiseála párolla. Tá mé ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialaithe cuí i dtaobh seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

***Athbhreithniú ar Éifeachtacht Rialaithe***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a cuid nósanna imeachta um bainistiú agus rialú riosca. Is é obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil, a chuireann bonn eolais faoin monatóireacht agus faoin athbhreithniú a dhéanann an Oifig ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

***Ceisteanna maidir le Rialaithe Inmheánacha Airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir le 2017 a raibh cailliúint ábhartha mar thoradh orthu, nó a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh orthu.

**Andrew Harkness**

Oifigeach Cuntasaíochta

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

29 Márta 2018

## **Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

### **Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

### **Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

#### **Tuairim ar an gcuntas leithreasa**

Rinne an tUas. Bernard Barron ó Mazars, Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Reachtúla, iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste thar mo cheann de réir Alt 13 den Acht um Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017.

Bunaithe ar a iniúchadh agus ar a thuairisc, i mo thuairimse,

- cuireann an cuntas leithreasa i láthair go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017.
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### **Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

15 Meitheamh 2018

## Tuairim don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste de réir Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993

### Tuairim ar an iniúchadh ar an gCuntas Leithreasa

#### Tuairim

Mar an t-iniúcháir arna cheapadh faoi Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá Cuntas Leithreasa Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 iniúchta agam.

Is é mo thuairim go gcuirtear fáltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 i láthair go cuí i gCuntas Leithreasa an Vóta d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus nach bhfuil aon ní ann ar gá dom tuairisciú ina thaobh, de bhun Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

#### An Bunús atá le mo Thuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar Chuntas Leithreasa Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúcháireacht (Éire) (ISAnna Éireann), an dlí is infheidhme, agus Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na Caighdeáin sin sa chuid de mo thuairisc dar teideal Freagrachtaí an Iniúcháir as an iniúchadh ar na Cuntais Leithreasa. Tá mé neamhspleách ar an eintiteas de réir na gceanglas eiticéil a bhaineann le hiniúchtaí in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eitice arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasáochta na hÉireann (IAASA), agus tá mo chuid freagrachtaí eiticéil eile comhlíonta agam de réir na gceanglas sin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Fuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheas mé a bhí riachtanach chun críche m'iniúchta. Is é mo thuairim go raibh taifid chuntasáochta chuí ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasáochta.

#### An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá athbhreithniú déanta agam ar a bhfuil sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

#### Freagrachtaí an Oifigh Cuntasáochta

Faoi Alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866, bíonn an tOifigeach Cuntasáochta freagrach as an gCuntas Leithreasa a ullmhú. Bíonn sé freagrach freisin, inter alia, as cistí poiblí a chosaint agus as rialtacht agus cirte gach idirbhirt sa Chuntas Leithreasa.

#### Freagrachtaí an Iniúcháir as an Iniúchadh ar an gCuntas Leithreasa

Is ormsa atá an fhreagracht as an gCuntas Leithreasa a iniúchadh de réir ceanglais ábhartha dlí agus rialála, agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúcháireacht (Éire). Is éard is aidhm liom ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé acu an bhfuil an Cuntas Leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuairisc iniúcháir a eisiúint ina leagtar amach ár dtuairim. Ardleibhéal dearbhaithe atá i gceist le dearbhú réasúnach, ach ní rathaítear leis go mbraithfear i gcónaí míráiteas ábhartha, más ann dó, in iniúchadh a dhéanfar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúcháireacht (Éire). Is féidir le míráitis teacht i gceist de bharr calaoise nó earráide agus meastar gurb ábhartha iad más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí arna ndéanamh ar bhonn an Chuntais Leithreasa.

Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sa Chuntas Leithreasa, agus scrúdú le féachaint an dtagann na hidirbhearta arna dtairfeadh sa chuntas leis an údarás faoina n-airbheartaítear iad a bheith déanta, agus measúnú ar cibé ar cloíodh le forálacha cuntasaióchta na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí nó nár cloíodh. Tá cur síos eile ar na freagrachtaí atá orainn i leith an iniúchta ar na ráitis airgeadais le fáil ar láithreán gréasáin an IAASA ag [http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description\\_of\\_auditors\\_responsibilities\\_for\\_audit.pdf](http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf). Tá an cur síos sin ina chuid dár dtuairisc iniúcháir.

### **An chúis le mo chuid oibre iniúchta agus an té a bhfuil mé freagrach dó nó di**

Is don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste amháin a dhéantar an tuairisc seo, de réir Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Tugadh faoi mo chuid oibre iniúcháireachta sa chaoi is gur féidir liom a chur in iúl don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste na cúrsaí sin a cheanglaítear orm a chur in iúl dó i ndeimhniú mo thuirime agus ní chun críocha ar bith eile. Lánoiread is a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaim le freagracht as an obair iniúcháireachta, as an tuairisc seo, ná as na tuairimí atá déanta agam, ná ní ghabhaim a leithéid de fhreagracht orm, do dhuine ar bith eile seachas an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste.

### **Bernard Barron**

Ar son agus thar ceann

### **Mazars**

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Reachtúla  
Baile Átha Cliath 2

31 Bealtaine 2018



## Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Cuntas Leithreasa 2017

	2017		2016
	Soláthar mheastach áin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
<b>Caiteachas chláir</b>			
A Iniúchadh agus tuairisciú	12,642	11,923	11,567
<b>Caiteachas comhlán</b>	<b>12,642</b>	<b>11,923</b>	<b>11,567</b>
<i>Lúide</i>			
B Leithreasuithe-i-gcabhair	5,727	5,986	6,514
<b>Glancaiteachas</b>	<b>6,915</b>	<b>5,937</b>	<b>5,053</b>

### Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime fheidhmithe faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

	2017	2016
	€	€
<b>Farasbarr le géilleadh</b>	<b>978,145</b>	<b>1,707,576</b>

### Andrew Harkness

Oifigeach Cuntasaíochta  
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

29 Márta 2018

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2017

	2017	2016
	€000	€000
Pá	9,898	9,376
Neamhphá	2,025	2,191
<b>Caiteachas comhlán</b>	<b>11,923</b>	<b>11,567</b>
<i>Lúide</i>		
<b>Leithreasuithe-i-gcabhair (Nóta 4)</b>	<b>5,986</b>	<b>6,514</b>
<b>Glancaiteachas</b>	<b>5,937</b>	<b>5,053</b>
<b>Athraithe i sócmhainní caipitil</b>		
Ceannacháin	(34)	
Dímheas	326	
Cailiteanas ar dhiúscairtí	20	
	312	277
<b>Athraithe i nglansócmhainní reatha</b>		
Laghdú ar fhabhraithe deiridh	(428)	
Laghdú ar stoc	3	
	(425)	297
<b>Caiteachas díreach</b>	<b>5,824</b>	<b>5,627</b>
<b>Caiteachas a iompraíodh in áit eile</b>		
Glancaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	3,060	2,823
Measchíosanna	21	21
<b>Costas chláir ghlan</b>	<b>8,905</b>	<b>8,471</b>

#### 1.1 Glancaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá glansuim an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 8 a iompraíodh in áiteanna eile.

	2017	2016
	€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	30	30
Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	1,585	1,430
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	924	850
Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	19	15
Cuntas Phríomhchiste an Lárchiste	502	498
	<b>3,060</b>	<b>2,823</b>

**Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017**

	Nóta	2017 €000	2016 €000
<b>Sócmhainní caipitil</b>	2.2	<b>1,567</b>	<b>1,879</b>
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Banc agus airgead tirim	2.3	462	(345)
Stoic		3	6
Speansais réamhíoctha		113	106
Táillí iniúchóireachta in-aisghabhála	2.4	2,591	2,170
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	117	129
<b>Iomlán na sócmhainní reatha</b>		<b>3,286</b>	<b>2,066</b>
<b>Lúide dliteanais reatha</b>			
Iarmhéid glan Stáitchiste	2.7	328	(567)
Costais fhabhráithe		125	125
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	251	351
<b>Iomlán na ndliteanas reatha</b>		<b>704</b>	<b>(91)</b>
<b>Glansócmhainní reatha</b>		<b>2,582</b>	<b>2,157</b>
<b>Glansócmhainní</b>		<b>4,149</b>	<b>4,036</b>
<b>Arna léiriú ag:</b>			
<b>Cuntas maoiniú Stáit</b>	2.1	<b>4,149</b>	<b>4,036</b>

**2.1 Cuntas maoiniú Stáit**

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Iarmhéid ag 1 Eanáir		4,036	4,610
<b>Eisiócaíochtaí as an Vóta</b>			
Soláthar mheastacháin	Cuntas	6,915	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	978	
Vóta glan		5,937	5,053
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1	3,060	2,823
Caiteachas neamhairgid tirim – measchíosanna	1	21	21
Costas chláir ghlan	1	(8,905)	(8,471)
<b>Iarmhéid ag 31 Nollaig</b>		<b>4,149</b>	<b>4,036</b>

**2.2 Sócmhainní caipitil**

	Trealamh oifige €000	Trosacán agus feistis €000	Iomlán €000
<b>Ollsócmhainní</b>			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017	2,231	1,932	4,163
Breiseanna	34	—	34
Diúscairtí	(932)	(2)	(934)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017	<u>1,333</u>	<u>1,930</u>	<u>3,263</u>
<b>Dímheas carntha</b>			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017	1,893	391	2,284
Dímheas don bhliain	133	193	326
Dímheas ar dhiúscairtí	(913)	(1)	(914)
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017	<u>1,113</u>	<u>583</u>	<u>1,696</u>
<b>Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017</b>	<b><u>220</u></b>	<b><u>1,347</u></b>	<b><u>1,567</u></b>
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016	<u>338</u>	<u>1,541</u>	<u>1,879</u>

**2.3 Banc agus airgead tirim**

ag 31 Nollaig	2017 €000	2016 €000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ghinearálta	280	(543)
Cuntas bhainc thráchtála	182	198
	<u>462</u>	<u>(345)</u>

**2.4 Táillí iniúchóireachta in-aisghabhála**

ag 31 Nollaig	2017 €000	2016 €000
Féichiúnaithe maidir le táillí iniúchóireachta	521	385
Ioncam fabhráithe ó tháillí iniúchóireachta	1,673	1,301
Obair idir lámha	397	484
	<u>2,591</u>	<u>2,170</u>

**2.5 Iarmhéideanna dochair eile**

ag 31 Nollaig	2017	2016
	€000	€000
Caiteachais taistil in-fhorchúitithe agus scéim pas taistil	97	92
Caiteachas in-fhorchúitithe ó chomhthionótaí	20	25
Fionraí tuarastal ilghnéitheacha	—	12
	<b>117</b>	<b>129</b>

**2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile**

ag 31 Nollaig	2017	2016
	€000	€000
<b>Suimeanna atá dlite don Stát</b>		
Cáin Ioncaim	105	151
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	75	105
An Muirear Sóisialta Uilíoch	24	39
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	20	26
Cáin Bhreislucha	26	29
Cáin Maoine Áitiúil	1	1
	<b>251</b>	<b>351</b>

**2.7 Glandliteanas don Státchiste**

ag 31 Nollaig	2017	2016
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	978	1,708
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(650)	(2,275)
Glandliteanas don Státchiste	<b>328</b>	<b>(567)</b>
<b>Arna léiriú ag:</b>		
<b>Féichiúnaithe</b>		
Banc agus airgead tirim	462	(345)
Iarmhéideanna dochair: fionraí	117	129
	579	(216)
<b>Creidiúnaithe</b>		
Dlite don Stát	(251)	(351)
	<b>328</b>	<b>(567)</b>

**2.8 Ceangaltais**

ag 31 Nollaig	2017	2016
	€000	€000
lomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe de réir dlí	<b>28</b>	<b>34</b>

### Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fo-cheanteidil

Rangaítear leithdháileadh uile Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste mar caiteachas riaracháin a feidhmíodh i leith clár aonair: iniúcháireacht agus tuairisciú.

#### Anailís an chaiteachais riaracháin

		2017		2016
		Soláthar	Toradh	Toradh
		mheastacháin		
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	10,413	9,898	9,376
ii	Taisteal agus cothú	546	549	517
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	328	343	390
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	100	63	70
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	443	391	416
vi	Costais áitreabh oifige	217	202	176
vii	Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	350	59	59
viii	Táillí dlí	45	46	66
ix	Seirbhísí iniúchta conarthaí	200	372	497
		<b>12,642</b>	<b>11,923</b>	<b>11,567</b>

Nóta: Tá costais €2,687 a bhain leis an gCoiste Iniúchta (2016: €709) san áireamh sa toradh.

Ar an iomlán, bhí an caiteachas i leith an chláir seo €719,000 níos ísle ná sin a cuireadh ar fáil ar dtús. Tá míniú tugtha ar na hathruithe suntasacha (+/- 25% agus dar luach €100,000) thíos.

#### Athruithe suntasacha

##### *i Tuarastail, pá agus liúntais*

Soláthar mheastacháin: €10,413,000, toradh: €9,898,000

Tháinig tearc-chaitheamh €515,000 aníos de bharr go raibh easnamh i líon na mball foirne ar seirbhís. B'ionann meánlíon na mball foirne i rith na bliana agus 147, i gcomparáid le líon foirne de 164. Chuathas i ngleic le cuid den easnamh sin trí chuntasóirí cáilithe a fhostú ar chonarthaí gearrthéarmacha.

##### *vii Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe*

Soláthar mheastacháin: €350,000, toradh: €59,000

Tá soláthar san áireamh sa mheastachán chun cabhair sheachtrach a fhostú ag an Oifig le haghaidh scrúduithe, más gá. Bhí costas de €59,000 maidir leis an cabhrach seo agus sábháladh €291,000 dá thoradh.

##### *ix Seirbhísí iniúchta conarthaí*

Soláthar mheastacháin: €200,000, toradh: €372,000

Tabhaíodh caiteachas breise de €172,000 ar an bhfo-cheanteideal (ix) Seirbhísí iniúchta conarthaí chun deimhniú tráthúil na gcuntas a éascú. Maoiníodh é seo ón méid a sábháladh ar an bhfo-cheanteideal vii Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe. Ceadaíodh an virement ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasuithe-i-gcabhair

	2017		2016
	Measta	Réadaithe	Réadaithe
	€000	€000	€000
1 Táillí iniúcháireachta, srl.	5,275	5,592	6,112
2 Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair lucht na seirbhíse poiblí	452	394	402
	<b>5,727</b>	<b>5,986</b>	<b>6,514</b>

#### Athruithe suntasacha

Ar an iomlán, bhí ioncam ó leithreasuithe-i-gcabhair €259,000 níos mó ná an sprioc bhuiséadaithe. Is glantoradh ón méid seo a leanas é an t-athrú

1 *Táillí iniúcháireachta, srl.*

Soláthar mheastacháin: €5,275,000, Toradh: €5,592,000

Tráthúlacht chlár iniúchtaí na hOifige a chríochnú ba chúis le barrachas €317,000.

2 *Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair lucht na seirbhíse poiblí*

Soláthar mheastacháin: €452,000, Toradh: €394,000

Bhí fáltais ó asbhaintí bainteach le pinsin €58,000 níos lú ná a bhíodhas ag súil leis de bharr an easnaimh i líon na mbuanbhall foirne.

## Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

### 5.1 Líon na bhfostaithe

	2017	2016
Líon foirne ag deireadh na bliana (coibhéisí lánaimseartha)	<u>144</u>	<u>143</u>

### 5.2 Pá

	2017	2016
	€000	€000
Pá	9,155	8,679
Liúntais le haghaidh dualgais arda, speisialta nó bhreise	28	25
Ragobair	1	2
ÁSPC an Fhostóra	714	670
<b>Pá iomlán</b>	<b><u>9,898</u></b>	<b><u>9,376</u></b>

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí de €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2017	2016
			€	€
Dualgais arda, speisialta nó bhreise	4	1	10,377	10,081
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	1	—	1,104	1,743

Ní bhfuair ball foirne ar bith íocaíochtaí breise i níos mó ná aon chatagóir amháin.

### 5.4 Luach saothair lucht ardbhainistíochta

#### An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Íoctar tuarastal an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste amach as Lárchiste an Státhchiste, faoi mar a ndéantar soláthar dó in alt 14 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ba é an muirear ar an Lárchiste in 2017 maidir le tuarastal an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ná €179,130 (2016: €175,742). Faoi mar a fhoráiltear dó in Alt 33 den Bhunreacht, ní féidir leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste aon oifig ná post le luach saothair eile a bheith aige/aici.

#### An tOifigeach Cuntasaíochta

Ba é an muirear ar an Vóta in 2017 maidir le luach tuarastail an Oifigh Cuntasaíochta ná €139,563 (2016: €138,546).



## 5.5 Ró-íocaíochtaí pá

---

Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chuireann seirbhísí párolla agus acmhainní daonna ar fáil. Tarlaíonn ró-íocaíochtaí ar roinnt cúiseanna éagsúla, mar shampla, nuair a ghlacann ball foirne saoire gan phá faoi ghearrfhógra nó nuair a leantar le híocaíochtaí nuair a sháraítear teorainneacha saoire breoiteachta. Bhí ró-íocaíochtaí de €20,101 a bhain le 10 bhfostaí (2016: €25,239) gan íoc ag deireadh na bliana. Tá pleananna aisghabhála ar bun i dhá chás. Tá aisghabháil na méideanna eile ag leanúint.

---

